C/2025/4654

19.8.2025

# TUARASCÁIL AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS 2024

## Roinn II - An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle

(C/2025/4654)

**CLÁR:**

I. RÉAMHRÁ . . . 2

II. CUSPÓIRÍ AGUS BUISÉAD DON BHLIAIN AIRGEADAIS 2024 . . . 2

A. Príomhchuspóirí airgeadais . . . 2

B. An Buiséad a bhunú don Chomhairle Eorpach agus don Chomhairle in 2024 . . . 2

I) *Cur chuige ginearálta* . . . 2

II) *Buiséad 2024* . . . 3

III) *Buiséad 2024 agus Ceannteideal 7 de Chreat Airgeadais Ilbhliantúil Bhuiséad an Aontais* . . . 3

III. FORLÉARGAS FORIOMLÁN AR CHUR CHUN FEIDHME BUISÉID IN 2024 . . . 4

A. Gníomhaíochtaí agus cuspóirí na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle in 2024 . . . 4

I) *Cruinnithe* . . . 4

II) *Gníomhaíochtaí reachtacha* . . . 5

III) *Nuachóiriú riaracháin* . . . 5

IV) *Cuspóirí a bhaint amach in 2024* . . . 6

B. Ioncam . . . 7

C. Caiteachas in 2024 . . . 8

I) *An buiséad a mhodhnú in 2024* . . . 8

II) *Forléargas ar chur chun feidhme an bhuiséid do 2020-2024* . . . 10

III) *Cur chun feidhme leithreasuithe de réir catagóire in 2024* . . . 11

D. Leithreasuithe arna dtabhairt anonn . . . 12

I) *Leithreasuithe arna dtabhairt anonn go huathoibríoch ó 2023 go 2024* . . . 12

II) *leithreasuithe arna dtabhairt anonn go huathoibríoch ó 2024 go 2025* . . . 14

E. Ioncam sannta . . . 16

I) *Ioncam sannta a fabhraíodh roimh 2024* . . . 16

II) *Ioncam sannta a fabhraíodh roimh 2024 agus a thugtar anonn le haghaidh íocaíochta ó 2023* . . . 17

III) *Ioncam sannta a fabhraíodh in 2023 agus a tugadh anonn go 2024 le haghaidh íocaíochta* . . . 18

IV) *Ioncam sannta a fabhraíodh roimh 2024 agus a tugadh anonn go 2025 le haghaidh íocaíochta* . . . 19

V) *Ioncam sannta a fabhraíodh in 2024* . . . 20

## I. RÉAMHRÁ

Agus é dréachtaithe i gcomhréir le hAirteagal 255 den Rialachán Airgeadais ([1]), is éard atá sa doiciméad seo tuarascáil ar bhainistiú buiséadach agus airgeadais Roinn II de bhuiséad an Aontais (an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle) don bhliain airgeadais 2024.

Tá an tuarascáil bunaithe ar na cuntais shealadacha do 2024, ar thorthaí na dtuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí ó oifigigh údarúcháin na Comhairle agus ar fhaisnéis maidir le cur chun feidhme an bhuiséid ó chóras airgeadais na Comhairle.

Tá achoimre i gCaibidil II den tuarascáil seo ar an gcreat a bunaíodh don bhliain airgeadais 2024. Tugtar forléargas, i gCaibidil III, ar chur chun feidhme na leithreasuithe buiséid a bhí ar fáil in 2024.

Déantar cur chun feidhme bhuiséad na bliana 2024 de réir líne bhuiséid a léiriú in Iarscríbhinn I.

## II. CUSPÓIRÍ AGUS BUISÉAD DON BHLIAIN AIRGEADAIS 2024

### A. Príomhchuspóirí airgeadais

Is iad seo a leanas príomhchuspóirí airgeadais Ardrúnaíocht na Comhairle (an Ardrúnaíocht) do 2024:

— cinnteoireacht leanúnach a áirithiú sa Chomhairle Eorpach agus sa Chomhairle;

— tacaíocht leanúnach a áirithiú don Chomhairle Eorpach agus don Chomhairle trí úsáid éifeachtach éifeachtúil a bhaint as acmhainní airgeadais, go háirithe i bhfianaise bhrú leanúnach an bhoilscithe agus na méaduithe ar phraghsanna atá mar thoradh air sin mar gheall ar innéacsú conartha;

— leanúint ar aghaidh le próiseas an nuachóirithe dhigitigh riaracháin agus é d'aidhm feabhas a chur ar eagrú na hArdrúnaíochta agus úsáid a bhaint as acmhainní ar bhealach níos iomchuí.

### B. An Buiséad a bhunú don Chomhairle Eorpach agus don Chomhairle in 2024

#### I) *Cur chuige ginearálta*

Agus togra buiséid 2024 á bhunú don Chomhairle Eorpach agus don Chomhairle (CE/C), ríomh Ardrúnaíocht na Comhairle an buiséad do chaiteachas a bhaineann le tuarastail de réir na treorach a thug an Coimisiún Eorpach.

Maidir le caiteachas nach mbaineann le tuarastail, ba é an cuspóir ginearálta a bhí ann gan leibhéal foriomlán bhuiséad 2023 a shárú, i dtéarmaí ainmniúla, de bhreis ar 2 %. Rinneadh méaduithe i réimsí caiteachais a bhaineann le hoibleagáidí reachtúla nó conarthacha, nó i réimsí a mheastar a bheith bunriachtanach d'fheidhmiú na hArdrúnaíochta, a fhritháireamh le gnóthachain éifeachtúlachta agus trí thosaíocht a thabhairt do thionscadail agus trína n-athchlárú.

Maidir leis an bhfoireann, lean an Ardrúnaíocht de chuíchóiriú a dhéanamh ar an eagraíocht trí na gníomhaíochtaí seo a leanas a chur chun feidhme:

— 10 bpost AST a iompú ina 10 bpost AD agus 10 bpost AST ina 10 bpost SC mar chuid den nuachóiriú riaracháin leanúnach, agus éifeacht neodrach a bheith aige sin ar an mbuiséad;

— an laghdú ar an ráta comhréidh a chur in oiriúint do - 2,0 %, rud a léiríonn eagrú níos éifeachtaí ar an gcaoi a líontar poist fholmha.

([1]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú).

II) ***Buiséad 2024***

Bhunaigh an t-údarás buiséid buiséad foriomlán 2024 CE/C ag EUR 676,9 milliún. B'ionann sin agus méadú EUR 29,0 milliún (+ 4,5 %) le hais 2023.

D'fhan plean bunaíochta 2024 le haghaidh CE/C cobhsaí, agus socraíodh líon na bpost ag 3 029.

I dTábla 1, tugtar forléargas ar bhuiséad 2024 de réir catagóire.

*Tábla 1*

**Buiséad CE/C do 2024 i gcomparáid le 2023 (de réir catagóire, EUR)**

| Catagóir | Buiséad 2023 | Buiséad 2024 | Athrú 2024/2023 |
|---|---|---|---|
| | 1 | 2 | 3=2/1 |
| Plean bunaíochta | 386 034 757 | 412 323 234 | 6,8 % |
| Caiteachas eile foirne | 30 069 000 | 28 466 729 | - 5,3 % |
| Foirgnimh (seachas fálta) | 59 203 000 | 59 969 180 | 1,3 % |
| Córais ríomhaireachta | 52 823 000 | 53 994 000 | 2,2 % |
| Troscán | 1 051 000 | 1 044 980 | - 0,6 % |
| Trealamh teicniúil | 3 577 000 | 3 253 000 | - 9,1 % |
| Iompar | 2 080 000 | 2 174 000 | 4,5 % |
| Speansais taistil na dtoscaireachtaí | 15 505 000 | 15 505 000 | 0,0 % |
| Costais ateangaireachta | 80 000 000 | 81 600 000 | 2,0 % |
| Cruinnithe agus comhdhálacha | 7 090 000 | 7 531 000 | 6,2 % |
| Faisnéis | 9 104 000 | 9 633 000 | 5,8 % |
| Ilghnéitheach | 1 372 000 | 1 387 000 | 1,1 % |
| Cúlchiste | | | |
| **Iomlán (seachas fáil)** | **647 908 757** | **676 881 123** | **4,5 %** |
| Maoin dhochorraithe a fháil | | | |
| **Móriomlán** | **647 908 757** | **676 881 123** | **4,5 %** |

III) ***Buiséad 2024 agus Ceannteideal 7 de Chreat Airgeadais Ilbhliantúil Bhuiséad an Aontais***

Tugtar forléargas i dTábla 2 ar fhorbairt bhuiséad CE/C in 2020-2024. Tháinig laghdú ar sciar CE/C faoi Cheannteideal 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil le linn na tréimhse sin ó 5,8 % in 2020 go 5,6 % in 2024.

*Tábla 2*

**An fhorbairt ar Roinn II de bhuiséad an Aontais (an Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle) faoi Cheannteideal 7 (Ceannteideal 5 roimhe seo) den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil in 2020-2024**

| (Méideanna ag praghsanna reatha) | 2020 | | 2021 | | 2022 | | 2023 | | 2024 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | EUR MILLIÚN | athrú | EUR MILLIÚN | athrú | EUR MILLIÚN | athrú | EUR MILLIÚN | athrú | EUR MILLIÚN | athrú |
| **Ceannteideal 7** | 10 222 | 2,8 % | 10 443 | 2,2 % | 10 620 | 1,7 % | 11 311 | 6,5 % | 12 057 | 6,6 % |
| **CE/C** | 591 | 1,5 % | 594 | 0,6 % | 611 | 2,9 % | 648 | 6,0 % | 677 | 4,5 % |
| **Sciar CE/C i gCeannteideal 7** | **5,8 %** | | **5,7 %** | | **5,8 %** | | **5,7 %** | | **5,6 %** | |

III. **FORLÉARGAS FORIOMLÁN AR CHUR CHUN FEIDHME BUISÉID IN 2024**

A. **Gníomhaíochtaí agus cuspóirí na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle in 2024**

Sa tuarascáil ar ghníomhaíochtaí airgeadais, cuireann an Ardrúnaíocht faisnéis ar fáil maidir lena príomhghníomhaíochtaí atá ábhartha ó thaobh airgeadais de, agus cuirtear síos ar fheidhmiú na Comhairle Eorpaí agus na Comhairle le linn na bliana airgeadais. Leagtar béim sa tuarascáil freisin ar phríomhéachtaí na bliana.

I) ***Cruinnithe***

I dTábla 3 tugtar forléargas ar fhorbairt líon na gcruinnithe a d'eagraigh an Ardrúnaíocht don Chomhairle Eorpach agus don Chomhairle idir 2020 agus 2024.

*Tábla 3*

**An fhorbairt ar líon na gcruinnithe 2020-2024**

| | 2020 | | | 2021 | | | 2022 | | | 2023 | | | 2024 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fisiciúil | Fís-chomhdháil / Hibrideach | IOMLÁN | Fisiciúil | Fís-chomhdháil / Hibrideach | IOMLÁN | Fisiciúil | Fís-chomhdháil / Hibrideach | IOMLÁN | Fisiciúil | Fís-chomhdháil / Hibrideach | IOMLÁN | Fisiciúil | Fís-chomhdháil / Hibrideach | IOMLÁN |
| **Cruinnithe mullaigh** | 7 | 18 | 25 | 14 | 7 | 21 | 15 | 1 | 16 | 10 | 1 | 11 | 10 | | 10 |
| **Comhairlí** | 35 | 86 | 121 | 79 | 38 | 117 | 102 | 7 | 109 | 94 | 3 | 97 | 97 | 4 | 101 |
| **Coreper** | 152 | | 152 | 123 | | 123 | 158 | | 158 | 156 | | 156 | 124 | | 124 |
| **Coreper (Airt. 50)** | 3 | | 3 | | | | | | | | | | | | |
| **Meithleacha** | 1 387 | 1 233 | 2 620 | 1 237 | 2 793 | 4 030 | 3 468 | 663 | 4 131 | 3 902 | 263 | 4 165 | 3 514 | 193 | 3 707 |
| **An Comhphobal Polaitiúil Eorpach (CPE)** | | | | | | | 1 | | | | | | | | |
| **Iomlán** | **1 584** | **1 337** | **2 921** | **1 453** | **2 838** | **4 291** | **3 744** | **671** | **4 415** | **4 162** | **267** | **4 429** | **3 745** | **197** | **3 942** |

Tionóladh dhá chruinniú mullaigh iltaobhacha in 2024:

— Tionóladh an chéad chruinniú idir an tAontas agus Comhairle Comhair Stáit Arabacha na Murascaille (CCSAM) an 16 Deireadh Fómhair 2024 faoin téama 'Comhpháirtíocht straitéiseach don tsíocháin agus don rathúnas'. Tugadh le chéile 27 gceannaire an Aontais agus ceannairí na sé Bhallstát in CCSAM le chéile ag an gcruinniú. Deis a bhí ann don Aontas comhpháirtíocht níos dlúithe a fhorbairt le CCSAM agus lena Bhallstáit (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, Ríocht Bhairéin, Ríocht na hAraibe Sádaí, Sabhdánacht Óman, Stát Chatar agus Stát Chuáit). Chomhaontaigh ceannairí an Aontais agus CCSAM go gcomhoibreoidís chun slándáil dhomhanda agus réigiúnach agus rathúnas a chur chun cinn, lena n-áirítear coinbhleachtaí atá ag teacht chun cinn agus ag géarú a chosc agus géarchéimeanna a réiteach trí idirphlé, comhordú agus rannpháirtíocht a fheabhsú.

— Tháinig ceannairí an Aontais agus ceannairí na mBalcán Thiar le chéile sa Bhruiséil an 18 Nollaig 2024. Deis a bhí sa chruinniú chun leanúint den mhóiminteam nua atá ag an gcomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus na Balcáin Thiar, agus deis freisin chun machnamh a dhéanamh ar conas an chomhpháirtíocht sin a dhoimhniú agus oibriú i bpáirt le chéile i dtreo todhchaí chomhpháirteach san Aontas Eorpach.

Ina theannta sin, an 27 Bealtaine 2024, rinne an tAontas Eorpach cathaoirleacht ar an ochtú Comhdháil sa Bhruiséil maidir le 'Tacú le todhchaí na Siria agus an réigiúin'. Bailíodh toscairí ó Bhallstáit an Aontais, ó thíortha comharsanachta na Siria, ó thíortha comhpháirtíochta eile agus ó dheontóirí, agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, lena n-áirítear na Náisiúin Aontaithe, le chéile ag an gcomhdháil. Ba é an príomhimeacht gealltanais don tSiria agus don réigiún in 2024 agus d'éirigh leis cúnamh a shlógadh a thacóidh le muintir na Siria sa tSiria agus i dtíortha comharsanachta araon, chomh maith lena bpobail óstacha sa Tuirc, sa Liobáin, san Iordáin agus san Iaráic.

II) ***Gníomhaíochtaí reachtacha***

Táscaire cainníochtúil eile gníomhaíochtaí is ea líon na ngníomhartha dlí a foilsíodh san Iris Oifigiúil (IO) (Tábla 4). In 2024, foilsíodh 1 441 gníomh dlí san Iris Oifigiúil. Is é foilsiú na ngníomhartha dlí san IO an chéim dheireanach den phróiseas reachtach.

*Tábla 4*

**An fhorbairt ar líon na ngníomhartha dlí 2020-2024**

| | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Gníomhartha dlí a foilsíodh san Iris Oifigiúil** | 1 328 | 1 340 | 1 517 | 1 545 | 1 441 |

III) ***Nuachóiriú riaracháin***

In 2024, lean Ardrúnaíocht na Comhairle d'fheabhas a chur ar cháilíocht agus ar éifeachtúlacht a eagrúcháin inmheánaigh agus leanúint dá sprioc maidir leis an gclaochlú digiteach, i gcomhréir le tosaíochtaí Straitéis Dhigiteach na hArdrúnaíochta do 2022–2025:

— Cuireadh roinnt uirlisí TF chun feidhme nó cuireadh tuilleadh feabhais orthu chun na príomhphróisis ghnó a bhaineann le cinnteoireacht na Comhairle a nuachóiriú agus a dhigiteáil. Áiríodh orthu sin aistriú ó Shreabhadh Oibre go eConsilium chun doiciméid bheartais a tháirgeadh agus a dháileadh, agus HCI (faisnéis ardaicmithe), ar córas é chun oibriú le faisnéis rúnaicmithe, rud a fhágann gur sláine agus tapúla i bhfad dáileadh agus malartú doiciméad ard-rúnaicmithe. Laghdaítear freisin líon na gcóipeanna páipéir a dháiltear.

— I gcomhréir le Straitéis Dhigiteach na hArdrúnaíochta, formheasadh beartas néalríomhaireachta nua, lena dtugtar treoirlínte soiléire maidir le measúnú cuimsitheach agus cur chun feidhme iomlán néalréiteach.

— I réimse an bheartais foirne, eagraíodh an dara babhta de scáthfhoghlaim idirinstitiúideach, rud a chothaigh comhoibriú agus foghlaim i measc na rannpháirtithe. Chun cultúr eagraíochtúil a neartú a thuilleadh, formheasadh straitéis nua don éagsúlacht agus don chuimsiú, rud a chuir urraim, aontacht agus comhdheiseanna chun cinn ar fud na hinstitiúide. Ina theannta sin, seoladh babhta eile den chleachtadh aiseolais 360º do bhainisteoirí agus do chinn earnála. Ba é an aidhm a bhí leis tacú lena bhforbairt ghairmiúil trí fheasacht a mhéadú ar láidreachtaí agus ar réimsí fáis araon.

— Maidir le beartas bainistíochta comhshaoil na hArdrúnaíochta, baineadh coigilteas breise fuinnimh amach in 2024, i measc nithe eile trí fheabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh na mbonneagar teicniúil, mar shampla na córais soilsithe sna foirgnimh.

IV) ***Cuspóirí a bhaint amach in 2024***

Is féidir achoimre a dhéanamh ar ghnóthú na gcuspóirí a bunaíodh don bhliain bhuiséid 2024 mar a leanas:

— *Plean bunaíochta*

An 1 Eanáir 2024, bhí 2 939 bpost líonta san Ardrúnaíocht. Mar thoradh ar athrú foirne i rith na bliana, bhí 2 970 post líonta inti an 31 Nollaig 2024, is é sin, 31 phost líonta sa bhreis le hais Phlean Bunaíochta CE/C. (NB: I measc na bpost líonta, áirítear poist atá ag baill foirne nach bhfaigheann luach saothair ach a bhfuil post acu, i gcomhréir leis an sainmhíniú a leagtar síos sna Rialacháin Foirne.)

— *Bainistíocht airgeadais*

Chun a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtúil as a buiséad, lean Ardrúnaíocht na Comhairle de bheith ag cur feabhas ar a próisis bainistíochta airgeadais in 2024:

— Maidir le feabhsuithe ar shreabhadh oibre airgeadais, bunaíodh treoirlínte soiléire chun páipéarachas agus idirbhearta nach bhfuil gá leo a laghdú agus difríochtaí neamhábhartha idir sonraisc agus admhálacha á láimhseáil. Ina theannta sin, eagraíodh dhá cheardlann simpliúcháin le hionadaithe ó sheirbhísí uile na n-oifigeach údarúcháin. Deis a bhí sna ceardlanna sin, a raibh níos mó ná 15 ghníomhaire airgeadais páirteach iontu, plé a dhéanamh ar riachtanais phraiticiúla na seirbhísí i gcomhthéacs na n-orduithe, agus obair leantach á déanamh ar orduithe ceannaigh agus ar ghealltanais shealadacha. Mar thoradh ar an bplé sin, moladh sraith athruithe ar chóras airgeadais na hArdrúnaíochta, agus tá na hathruithe sin á scrúdú faoi láthair.

— Rinneadh tuilleadh dul chun cinn i dtreo digiteáil iomlán, óir síníodh beagnach 50 % d'orduithe ceannaigh agus de chonarthaí go leictreonach agus glacadh níos mó le réiteach ríomhsholáthair an Choimisiúin. Léirigh an dul chun cinn sin tiomantas na heagraíochta próisis a chuíchóiriú agus éifeachtúlacht a fheabhsú trí uirlisí digiteacha.

— Le linn 2024, rinneadh iarrachtaí chun na cuspóirí glasa a phríomhshruthú sna gníomhaíochtaí buiséid agus airgeadais uile. Chuaigh an Coiste Meastóireachta Tionscadail (CEP), an comhlacht maoirseachta a bhfuil sé de chúram air meastóireacht a dhéanamh ar gach tionscadal straitéiseach, infheistíochta agus soláthair ardluacha in Ardrúnaíocht na Comhairle, i gcomhairle go huathoibríoch leis an Green Office (a áirithíonn go ndéantar gníomhaíochtaí agus cuspóirí a shainiú agus a chur chun feidhme i réimsí éagsúla (fuinneamh, páipéar, soghluaisteacht, dramhaíl, lorg carbóin, etc)) maidir le gach tionscadal nua infheistíochta agus soláthair a chuirtear faoi bhráid an Choiste.

Chun íocaíochtaí a dhéanamh in am agus chun ús ar íocaíochtaí déanacha a sheachaint, tháinig méadú beag ar an meánmhoill ar shonraisc a íoc in 2024 ó 13 lá go 15 lá, agus is é 30 lá féilire an uasteorainn ama i gcomhréir le Treoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

— *Beartas tógála*

Is beartas cobhsaí é beartas foirgneamh na Comhairle. Ó 2004 i leith, is é is aidhm don Chomhairle freastal ar a gníomhaíochtaí uile agus ar ghníomhaíochtaí na Comhairle Eorpaí sa Bhruiséil i bhfoirgnimh ar leis an gComhairle iad, atá oiriúnaithe dá riachtanais agus atá suite gar dá chéile. Tugadh an t-atheagrú sin chun críche nuair a críochnaíodh Áras Europa i mí an Mheithimh 2016.

Tá Ardrúnaíocht na Comhairle ag leanúint de bheith ag fiosrú roghanna éagsúla maidir le hathchóiriú Áras Justus Lipsius agus, ar bhonn níos leithne, maidir le forbairt an tsuímh amach anseo. Tá an tionscadal seo riachtanach chun feidhmiú cuí an dá institiúid a áirithiú, chun ardleibhéal feidhmíochta comhshaoil a áirithiú, go háirithe i bhfianaise na rialachán is infheidhme, agus chun timpeallacht oibre bharrfheabhsaithe, fháilteach, spreagúil agus shlán a chur ar fáil.

([2]) Treoir 2011/7/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cur in aghaidh íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála (IO L 48, 23.2.2011, lch. 1).

B. **Ioncam**

Tugtar forléargas i dTábla 5 ar thoradh foriomlán oibríochtaí buiséid in 2024. Tagraíonn an téarma 'cearta bunaithe 2023' d'orduithe aisghabhála a rinneadh in 2023 ach nár aisghabhadh na méideanna ina leith go dtí 2024. Tagraíonn an téarma 'cearta bunaithe 2024' d'aisghabhálacha a rinneadh in 2024.

*Tábla 5*

**Forléargas ar oibríochtaí ioncaim i mbuiséad 2024 (EUR)**

| Caibidil | Cearta bunaithe 2023 | Ioncaim aisghafa ó 2023 | Cearta bunaithe 2024 | Ioncaim aisghafa ó 2024 | Iomlán na gceart bunaithe 2023 +2024 | Iomlán aisghafa 2023+2024 | Le haisghabháil in 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5=1+3 | 6=2+4 | 7=5-6 |
| 3 0 Ioncam ón bhFoireann | | | 74 714 006 | 74 714 006 | 74 714 006 | 74 714 006 | |
| 3 1 Ioncam a bhaineann le maoin | 20 773 | 20 773 | 566 578 | 562 710 | 587 352 | 583 483 | 3 868 |
| 3 2 Ioncam ó sholáthar earraí, seirbhísí agus oibre | 18 632 | 18 632 | 1 731 968 | 1 543 047 | 1 750 600 | 1 561 679 | 188 921 |
| 3 3 Ioncam riaracháin eile | 1 327 515 | 991 109 | 21 580 472 | 21 027 345 | 22 907 987 | 22 018 454 | 889 533 |
| 4 0 Ioncam ó infheistíochtaí agus ó chuntais | | | 244 512 | 244 512 | 244 512 | 244 512 | |
| **Iomlán** | **1 366 921** | **1 030 514** | **98 837 536** | **98 091 621** | **100 204 457** | **99 122 135** | **1 082 322** |

In 2024, ba é EUR 100,2 milliún méid iomlán na n-oibríochtaí ioncaim i dtéarmaí cearta bunaithe, i.e. orduithe aisghabhála eisithe. Aisghabhadh EUR 99,1 milliún den mhéid sin le linn na bliana airgeadais 2024 agus baileofar EUR 1,1 milliún in 2025.

Bhain an chuid is mó den ioncam iomlán aisghafa (75 %, nó EUR 74,7 milliún as EUR 99,1 mhilliún) in 2024 le cánacha agus tobhaigh speisialta ar luach saothair a bailíodh ó phearsanra san Ardrúnaíocht. Asbhaintí ó luach saothair foirne ab ea EUR 37,6 milliún den mhéid sin, agus bhí EUR 37,1 mhilliún i gceist leis na ranníocaíochtaí foirne leis an scéim pinsin.

Is ó oibríochtaí riaracháin éagsúla, ó na foinsí seo a leanas go príomha, a fabhraíodh an fuílleach, nó 25 % (EUR 24,4 milliún):

— íocaíochtaí ó na Ballstáit i gcomhair ateangaireacht bhreise a dhéanamh, ar iarratas, i dteangacha áirithe (EUR 9,4 milliún, Caibidil 33);

— aisghabháil codanna de na méideanna a íocadh leis na Ballstáit sna blianta roimhe sin le haghaidh chostais taistil na dtoscaireachtaí i ndiaidh na ráiteas uathu do 2022 agus 2023 (EUR 8,6 milliún, Caibidil 33);

— ranníocaíochtaí le costais riaracháin a thagann chun cinn faoi chuimsiú '*acquis* Schengen' leis an Íoslainn agus leis an Iorua (EUR 1,5 milliún, Caibidil 33);

— íocaíochtaí ón gCúirt Bhreithiúnais, ón gCúirt Iniúchóirí agus ón Institiúid Ollscoile Eorpach i bhFlórans arb iad a ranníocaíochtaí leis an gcomhchóras airgeadais a úsáideann siad féin agus an Chomhairle araon (EUR 1,3 milliún, Caibidil 32);

— ranníocaíochtaí ó institiúidí eile agus íocaíochtaí ó oifigigh na Comhairle le haghaidh naíolann na Comhairle (EUR 1,1 mhilliún, Caibidil 33);

— fáltais ó áitribh a ligean amach ar cíos agus aisíocaíochtaí gaolmhara (EUR 0,6 milliún, Caibidil 31);

— aisghabháil codanna de na méideanna a íocadh i ndáil le speansais lónadóireachta (EUR 0,3 milliún, Caibidil 33).

C. **Caiteachas in 2024**

I) ***An buiséad a mhodhnú in 2024***

Le linn na bliana airgeadais 2024, rinneadh na leithreasuithe a ath-leithdháileadh trí aistrithe éagsúla. I dTábla 6, léirítear na cinntí lena ndearnadh na leithreasuithe buiséid in 2020-2024 a mhodhnú.

*Tábla 6*

**Líon na modhnuithe buiséid de réir cineáil in 2020-2024**

| Modhnú | | Bliain | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cineál | Bunús dlí | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
| Buiséad leasaitheach | *Airteagal 44 den Rial. Airgeadais* | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Aistriú B | *Airteagal 29 den Rial. Airgeadais* | 44 | 41 | 58 | 38 | 39 |
| Aistriú C | *Airteagal 29 den Rial. Airgeadais* | 2 | 2 | 6 | 3 | 3 |
| Aistriú D | *Airteagal 31 den Rial. Airgeadais* | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | **Iomlán** | **46** | **43** | **64** | **41** | **42** |

Rinneadh trí aistriú C, a raibh i gceist leo an t-údarás buiséid a chur ar an eolas (i gcomhréir le hAirteagal 29 den Rialachán Airgeadais), in 2024:

— Aistriú C1 EUR 1 750 000 an 15 Iúil 2024 chun:

— iarrataí nua a chumhdach a bhfuil tionchar airgeadais níos mó acu agus an méadú ar chostais chóiríochta in ionaid speisialaithe le haghaidh cásanna inar deonaíodh cabhair cheana féin (EUR 109 000);

— cur i gcrích na dtionscadal a bhaineann le bonneagar closamhairc na hArdrúnaíochta, cáblú breise agus lasca nua (EUR 50 000) a chumhdach;

— riachtanais bhreise a chumhdach maidir le feabhas a chur ar chumais in uathoibriú tástála, le cuardach atá bunaithe ar an intleacht shaorga a chomhtháthú in eConsilium, le forbairtí TF sa chlár idirinstitiúideach um Chlaochlú Acmhainní Daonna (HRT) agus, tar éis measúnú slándála a dhéanamh ar thairseach na dToscairí (i gcomhréir leis an Rialachán nua maidir leis an gCibearshlándáil), le cur chun feidhme foriomlán na cibearshlándála agus na slándála faisnéise le haghaidh thairseach na dToscairí (EUR 1 419 000);

— riachtanais bhreise maidir le trealamh slándála a chumhdach i bhfianaise an mheasúnaithe ar bhagairtí atá ann faoi láthair agus thoradh na gcleachtaí slándála a rinneadh in 2023 agus 2024 (EUR 172 000).

— Aistriú C2 EUR 4 800 000 an 21 Deireadh Fómhair 2024 chun:

— feabhsuithe ar fheidhmiúlacht agus ar éifeachtúlacht an trealaimh atá imithe i léig sa lárionad preasa agus roinnt tionscadail tógála a chumhdach chun ceanglais rialála agus/nó riachtanais chomhshaoil a chomhlíonadh, mar shampla soilsiú LED coigilte fuinnimh a chur in ionad an tsoilsithe in áras Europa agus sna naíolanna, seantrealamh fuaraithe a nuachóiriú agus áras Lex a oiriúnú do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (EUR 1 025 000);

— ceannacháin nó cúnamh seachtrach a chumhdach chun cumais TF na hArdrúnaíochta a neartú ar leibhéil éagsúla chun an Rialachán nua maidir leis an gCibearshlándáil a chomhlíonadh, lena n-áirítear trealamh cumarsáide raidió sábháilteachta agus slándála a ionadú chun na caighdeáin is gá a chomhlíonadh, agus roinnt comhpháirteanna TF a fháil chun faireachán a dhéanamh ar chórais chumarsáide gan sreang agus uirlis faisnéise foinse oscailte chun cabhrú le bagairtí slándála a mheas (EUR 3 000 000);

— riachtanais bhreise a chumhdach maidir le hábhair oideachais agus suíomh gréasáin na Comhairle agus láithreacht na Comhairle ar na meáin shóisialta chun tionchar chumarsáid sheachtrach na Comhairle a mhéadú (EUR 775 000).

— Aistriú C3 EUR 6 227 000 an 3 Nollaig 2024 chun:

— maoiniú a chur ar fáil chun dlús a chur le tionscadail tógála a cuireadh siar agus/nó ar tugadh tosaíocht dóibh arís mar gheall ar chistí a bheith á n-aistriú chun costais arda fóntais le blianta beaga anuas a chumhdach (EUR 1 015 000);

— tionscadail slándála bhreise a chumhdach, mar shampla doirse imlíneacha a athsholáthar chun obair leantach a dhéanamh ar mholtaí iniúchóireachta inmheánaí (EUR 369 000);

— aistriú cistí idir seirbhísí na hArdrúnaíochta a chumhdach chun trealamh nua a fháil chun nascacht agus cáilíocht chórais chlosamhairc na Comhairle a fheabhsú, agus chun trealamh deireadh ré a theastaíonn le haghaidh Frithbhearta Slándála Teicniúla (TSCM) a athsholáthar; bhí gá le cistí breise freisin le haghaidh roinnt tionscadal eile chun an trealamh is gá a fháil chun rialacha slándála na Comhairle a chomhlíonadh maidir le faisnéis rúnaicmithe an Aontais (FRAE) nó an Rialachán maidir leis an gCibearshlándáil a chosaint (EUR 1 605 000);

— cúnamh seachtrach breise a mhaoiniú chun córais TF chriticiúla a nuachóiriú, chun lánpháirtiú aon chonraitheoirí atá fágtha sa chóras bainistithe foirgneamh a éascú agus chun an uirlis rialachais dhigitigh a nuashonrú; bhí gá le saineolas seachtrach freisin chun scrúdú a dhéanamh ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as IS i mbainistiú sonraí agus i seirbhísí sonraí agus ar chur i bhfeidhm réiteach atá cumhachtaithe ag IS le haghaidh shuíomh gréasáin na Comhairle (EUR 2 555 000);

— scanóirí x-gha atá ag dul in aois (EUR 683 000) a athsholáthar.

Ina theannta sin, le 39 n-aistriú inmheánacha B bunaithe ar Airteagal 29(4) den Rialachán Airgeadais, rinneadh buiséad CE/C a mhodhnú in 2024.

I dTábla 7 tugtar forléargas ar na línte buiséid a modhnaíodh go suntasach ([3]) in 2024 leis an ath-leithdháileadh inmheánach leithreasuithe.

*Tábla 7*

**Línte buiséid a bhí faoi réir aistrithe suntasacha in 2024 (EUR)**

| Mír | Ceannteideal | Buiséad Tosaigh 2024 | Aistrithe | Leithreasuithe deiridh | Difear |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 2 0 0 | Foireann eile | 12 711 729 | 506 500 | 13 218 229 | 4 % |
| 2 0 0 3 | Obair feistithe agus shuiteála | 8 437 000 | 1 795 000 | 10 232 000 | 21 % |
| 2 0 0 4 | Obair chun áitribh a dhaingniú | 2 126 000 | 960 432 | 3 086 432 | 45 % |
| 2 0 0 5 | Caiteachas sula ndéantar foirgnimh a fháil, a thógáil agus a fheistiú | 1 210 000 | - 684 000 | 526 000 | -57 % |
| 2 0 1 0 | Glanadh agus cothabháil | 21 141 000 | - 1 450 000 | 19 691 000 | -7 % |
| 2 0 1 2 | Slándáil agus faireachas foirgneamh | 19 133 000 | - 1 026 000 | 18 107 000 | -5 % |
| 2 1 0 0 | Trealamh agus bogearraí a fháil | 14 679 000 | 3 955 693 | 18 634 693 | 27 % |
| 2 1 0 1 | Cúnamh seachtrach chun ríomhchórais a oibriú agus a fhorbairt | 29 278 000 | 6 168 849 | 35 446 849 | 21 % |

([3]) Glanmhéid > EUR 250 000.

| Mír | Ceannteideal | Buiséad Tosaigh 2024 | Aistrithe | Leithreasuithe deiridh | Difear |
|---|---|---|---|---|---|
| 2 1 0 2 | Trealamh agus bogearraí a sheirbhísiú agus a chothabháil | 8 361 000 | - 1 476 898 | 6 884 102 | -18 % |
| 2 1 2 0 | Trealamh teicniúil agus suiteáil a cheannach agus a athsholáthar | 1 793 000 | 1 136 600 | 2 929 600 | 63 % |
| 2 2 0 0 | Speansais taistil na dtoscaireachtaí | 15 505 000 | - 5 773 849 | 9 731 151 | -37 % |
| 2 2 0 2 | Costais ateangaireachta | 81 600 000 | - 2 848 151 | 78 751 849 | -3 % |
| 2 2 0 5 | Comhdhálacha agus cruinnithe a eagrú | 1 652 000 | - 1 080 000 | 572 000 | -65 % |
| 2 2 1 3 | Faisnéis agus imeachtaí poiblí | 6 500 000 | 469 400 | 6 969 400 | 7 % |


II) ***Forléargas ar chur chun feidhme an bhuiséid do 2020-2024***

Le 5 bliana anuas (Graf 1), méadaíodh ar ráta foriomlán chur chun feidhme bhuiséad CE/C ó 93,1 % go dtí 96,4 %. Tagraíonn an ráta cur chun feidhme do na gealltanais a rinneadh le linn na bliana buiséadaí as an mbuiséad glactha atá ar fáil.

Bhí ráta iarbhír na n-íocaíochtaí bliantúla idir 2020 agus 2024 cothrom le 82,5 % den bhuiséad ar an meán. Rinneadh an difríocht idir an cur chun feidhme foriomlán agus íocaíochtaí i mbliain ar leith (i.e. gealltanais neamhíoctha) a thabhairt anonn, i gcomhréir le hAirteagal 12(7) den Rialachán Airgeadais, go dtí an chéad bhliain bhuiséid eile le haghaidh íocaíochtaí. Ní féidir caiteachas ar luach saothair agus liúntais do chomhaltaí agus d'fhoireann institiúidí an Aontais Eorpaigh a thabhairt anonn (Airteagal 12(8) den Rialachán Airgeadais).

*Graf 1*

**Cur chun feidhme foriomlán an bhuiséid do 2019-2024**




Le haghaidh 2024, bhain na leithreasuithe a tugadh anonn le hoibleagáidí a glacadh ar láimh mar is cuí roimh dheireadh na bliana buiséid ach i gcás nár seachadadh na hearraí ná na seirbhísí go fóill agus/nó nach bhfuarthas aon sonraisc faoi dheireadh na bliana.

III) ***Cur chun feidhme leithreasuithe de réir catagóire in 2024***

Déantar an anailís ar chaiteachas in 2024 a mhiondealú ina 14 chatagóir caiteachais.

I dTábla 8, déantar comparáid idir an buiséad deiridh tar éis aistrithe (colún 2) agus cur chun feidhme an bhuiséid i dtéarmaí gealltanas (colún 3). Is do na méideanna nár úsáideadh in 2024 agus a cuireadh ar ceal dá bharr a chomhfhreagraíonn an difríocht idir an buiséad deiridh agus na leithreasuithe arna ngealladh.

*Tábla 8*

**Forléargas ar chur chun feidhme bhuiséad 2024 (de réir catagóire, EUR)**

| Catagóir | Buiséad 2024 (tosaigh) | Buiséad 2024 (deiridh (*)) | Gealltanais | Ráta cur chun feidhme | Leithreasuithe curtha ar ceal |
|---|---|---|---|---|---|
| | 1 | 2 | 3 | 4=3/2 | 5=2-3 |
| Plean bunaíochta | 412 323 234 | 412 323 234 | 399 231 895 | 96,8 % | 13 091 339 |
| Caiteachas eile foirne | 28 466 729 | 28 466 729 | 26 405 402 | 92,8 % | 2 061 327 |
| Foirgnimh (seachas fálta) | 59 969 180 | 59 569 180 | 59 396 433 | 99,7 % | 172 747 |
| Córais ríomhaireachta | 53 994 000 | 62 623 000 | 62 475 619 | 99,8 % | 147 381 |
| Troscán | 1 044 980 | 1 044 980 | 1 043 067 | 99,8 % | 1 913 |
| Trealamh teicniúil | 3 253 000 | 4 246 000 | 4 238 930 | 99,8 % | 7 070 |
| Iompar | 2 174 000 | 2 044 000 | 2 041 572 | 99,9 % | 2 428 |
| Speansais taistil na dtoscaireachtaí | 15 505 000 | 9 731 151 | 9 731 151 | 100,0 % | |
| Costais ateangaireachta | 81 600 000 | 78 751 849 | 70 679 063 | 89,7 % | 8 072 786 |
| Cruinnithe agus comhdhálacha | 7 531 000 | 6 326 000 | 5 571 509 | 88,1 % | 754 491 |
| Faisnéis | 9 633 000 | 10 408 000 | 10 403 153 | 100,0 % | 4 847 |
| Ilghnéitheach | 1 387 000 | 1 347 000 | 1 318 101 | 97,9 % | 28 899 |
| Cúlchiste | | | | | |
| **Iomlán (seachas fáil)** | **676 881 123** | **676 881 123** | **652 535 893** | **96,4 %** | **24 345 230** |
| Maoin dhochorraithe a fháil | | | | | |
| **Móriomlán** | **676 881 123** | **676 881 123** | **652 535 893** | **96,4 %** | **24 345 230** |

(*) Áirítear ath-leithdháileadh inmheánach leithreasuithe

Ba é 96,4 % ráta foriomlán cur chun feidhme bhuiséad 2024. An difríocht idir an buiséad deiridh agus an cur chun feidhme, féadfar í a mhíniú mar a leanas:

— Ba é EUR 13,1 milliún an tearc-chaitheamh iomlán (3,2 % den bhuiséad deiridh foirne) i gcatagóir an phlean bunaíochta. Bhí an tearc-chaitheamh sin mar thoradh den chuid is mó ar riachtanais níos ísle le haghaidh na mbuntuarastal (EUR 1,7 milliún), liúntais teaghlaigh, liúntais easaoránachta agus liúntais cónaithe eachtraigh (EUR 0,9 milliún) agus le haghaidh coigeartú ar an luach saothair (EUR 6,8 milliún). Imthosca eile a chuireann leis an tearc-chaitheamh ba ea riachtanais níos ísle a bhaineann le liúntais i gcás scoir ar mhaithe leis an tseirbhís (EUR 1,0 milliún) agus le ragobair (EUR 0,6 milliún).

— Sa chatagóir eile caiteachais foirne, bhain 39 % den tearc-chaitheamh (EUR 0,8 milliún as EUR 2,1 milliún) le speansais taistil comhaltaí agus na mball foirne. Bhí coigiltis ar chaiteachas eile a bhaineann le foireann (oiliúint, costais leighis, seirbhísí sóisialta, etc.) cothrom le EUR 0,8 milliún san iomlán. Íocaíochtaí níos ísle do bhaill foirne ar conradh, do shaineolaithe náisiúnta ar iasacht agus do sheirbhísí seachtracha eile ba cúis le EUR 0,5 milliún eile.

— Bhí tearc-chaitheamh EUR 0,2 milliún i gceist mar thoradh ar chur chun feidhme foriomlán an chaiteachais a bhaineann le foirgnimh, arbh ionann é agus 99,7 %. As an méid sin, bhain EUR 0,09 milliún de le coigilteas ó thaobh glanadh agus cothabháil foirgneamh. Rinneadh an buiséad a chur chun feidhme 100 % i gcás uisce, gáis, leictreachais agus breosla.

— Ba é 99,8 % cur chun feidhme an bhuiséid le haghaidh TF agus troscáin.

— Bhí an cur chun feidhme maidir le trealamh teicniúil agus iompar os cionn 99 %.

— Bhí cur chun feidhme speansais taistil na dtoscaireachtaí ag 100 %. Bhí an méid a bhí ar fáil le haghaidh speansais taistil na dtoscaireachtaí tar éis na n-aistrithe cothrom le EUR 9,7 milliún. EUR 15,5 milliún an buiséad tosaigh a bhí ann, ar aistríodh EUR 9,3 milliún chuige ó choigiltis i roinnt imchlúdaigh ateangaireachta. Ar an taobh eile, aistríodh EUR 13,5 mhilliún chuig ateangaireacht don ‘imchlúdach teicniúil’ ([4]). Leis an imchlúdach ateangaireachta teicniúil, déantar cistiú go páirteach ar na teangacha atá in úsáid faoi láthair mar theangacha ‘pivot’, a úsáidtear chun nasc a chur ar fáil idir teaglamaí atá ríthábhachtach chun cumarsáid ilteangach a áirithiú.

— Bhí an tearc-chaitheamh leithreasuithe don ateangaireacht cothrom le EUR 8,1 milliún. Bhí an tearc-chaitheamh sin ina thoradh deiridh ar aistriú EUR 9,3 milliún ó imchlúdaigh ateangaireachta chuig imchlúdaigh thaistil na dtoscaireachtaí ([5]). Áiríodh sa toradh deiridh freisin aistriú EUR 13,5 mhilliún ó speansais taistil na dtoscaireachtaí mar chuid de chur chun feidhme an imchlúdaigh theicniúil.

— Bhí EUR 0,5 milliún de thearc-chaitheamh iomlán EUR 0,8 milliún ar chruinnithe agus comhdhálacha a eagrú ina léiriú ar riachtanais laghdaithe don lónadóireacht ná mar a bhí buiséadaithe ina leith.

— 100 % a bhí i ráta cur chun feidhme na leithreasuithe sa chatagóir ‘faisnéis’.

— Sa chatagóir ‘ilghnéitheach’, bhí an ráta cur chun feidhme agus ag beagnach 98 %.

## D. **Leithreasuithe arna dtabhairt anonn**

### I) ***Leithreasuithe arna dtabhairt anonn go huathoibríoch ó 2023 go 2024***

Mar a chuirtear i láthair i dTábla 9, tugadh méid EUR 85,5 milliún anonn ó 2023 go 2024 le haghaidh íocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 12(7) den Rialachán Airgeadais.

([4]) I gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Chinneadh 54/18 ó Ardrúnaí na Comhairle, tá suim atá coibhéiseach leis an méid arna thearc-chaitheamh ón mbliain roimhe sin faoi speansais taistil na dtoscairí le haistriú go bliantúil chuig ateangaireacht. In 2024, EUR 13,5 mhilliún a bhí sa mhéid sin.

([5]) I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Chinneadh 54/18, aistríonn Ardrúnaíocht na Comhairle 66 % de mhéideanna na n-imchlúdach teanga ateangaireachta nár úsáideadh chuig imchlúdaigh thaistil na dtoscaireachtaí a bhíonn le húsáid le linn na bliana buiséadaí céanna. In 2024, EUR 9,3 mhilliún a bhí sa mhéid sin.

*Tábla 9*

**Cur chun feidhme na leithreasaí a tugadh anonn ó 2023 go 2024 (de réir catagóire, EUR)**

| Catagóir | Leithreasuithe a tugadh anonn ó 2023 | Íocaíochtaí 2024 | Ráta cur chun feidhme | Leithreasuithe curtha ar ceal |
|---|---|---|---|---|
| | 1 | 2 | 3=2/1 | 4=1-2 |
| Plean bunaíochta | 461 919 | 193 368 | 41,9 % | 268 551 |
| Caiteachas eile foirne | 1 750 064 | 1 563 559 | 89,3 % | 186 505 |
